



Árais Máithreacha agus Naíonán

Stair na Sraithe Sóisearaí
Aonad 3

SLEAMHNÁN 1



Árais Máithreacha agus Naíonán

Stair na Sraithe Sóisearaí
Aonad 3

Aonad 3: Imlíne

Sleamhnán	Uimhir na Gníomhaíochta	Ainm na Gníomhaíochta	Cur síos
3	1	Saol Julia	Próifíl páiste/searbhónta a bhí ina chónaí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama (ionchur an mhúinteora, obair i ngrúpaí beaga)
4	2	Stair béil	Stair béil mar fhoinsé fianaise (ionchur an mhúinteora, obair bheirte)
5	3	Taithí oibre*	Fianaise bhéil den chaoi a raibh sé le bheith ag obair in áras Thuama (obair i ngrúpaí beaga, plé uile ranga)
6	4	Lá do mháithreacha**	Fianaise bhéil faoin gcineál saoil a bhí ag na mná in áras Thuama (ionchur an mhúinteora, plé uile ranga, obair i ngrúpaí beaga)
7	5	Peirspictíochtaí na scoile***	Fianaise bhéil d'eispéiris scoile a bhí ag na páistí in áras Thuama (obair i ngrúpaí beaga)
8	6	"...mar a bheadh príosún ann"?****	Fianaise bhéil den chaoi a raibh sé le bheith ag obair in áras Thuama (obair i ngrúpaí beaga, plé uile ranga)
9	7	An fíorshaol	Fianaise bhéil maidir le háras Thuama a fhágáil (obair bheirte, ionchur an mhúinteora)
10	8	Rogha eile	Dearcthaí sochaíocha ar na hoird chreidimh agus ar na páistí a rugadh lasmuigh den phósadh (obair bheirte, plé uile ranga)
11	9	Athchuid a thabhairt ar ár Spás Cróga	Deis chun ár gComhaontú Spáis Chróga a chur in eagar (plé uile ranga)
13	10	Céard? Cén fáth? Céard a tharlódh anois?	Machnamh (obair aonair)

* Féach: 'Stair na Sraithe Sóisearaí Aonad 3 Gníomhaíocht 3 Taithí oibre'

** Féach 'Stair na Sraithe Sóisearaí Aonad 3 Gníomhaíocht 4 Lá a chuir máithreacha iste'

*** Féach 'Stair na Sraithe Sóisearaí Aonad 3 Gníomhaíocht 5 Dearcthaí ar an scoil'

**** Féach 'Stair na Sraithe Sóisearaí Aonad 3 Gníomhaíocht 6 "...mar a bheadh príosún ann"

Ullmhúchán an mhúinteora ag teastáil

Nótaí an Mhúinteora

I ngníomhaíochtaí Aonad 3, glacann an scoláire páirt i bhfoghlaim atá nasctha leis na torthaí foghlama a liostaítear thíos

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.2:** machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha
- **Toradh Foghlama 1.6:** tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil
- **Toradh Foghlama 1.7:** breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil
- **Toradh Foghlama 1.8:** tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreacht, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile
- **Toradh Foghlama 1.10:** tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe

San aonad seo beimid ag plé leis an stair béil nó stairsheanchas – fianaise marthanóirí – mar bhealach chun iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na mban agus na bpáistí a bhí san áras máithreacha agus naíonán i dTuaim.

Gníomhaíocht 1: Saol Julia

Luathshaoil: Creidtear gur pósadh tuismitheoirí Julia ach gur scar siad óna chéile ina dhiaidh sin, agus gurbh as Uachtar Aird, Co. na Gaillimhe iad. Tugadh Julia isteach chuig cúram na mban rialta Bon Secours i dteach na mbocht Ghleann na Madadh agus bogadh ansin i go dtí an t-áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim in 1925, an bhliain a osclaíodh an t-áras.

Oideachas: Chuaigh Julia chuig an mbunscoil 'Convent of Mercy' i dTuaim. Chaith sí roinnt blianta sa mheánscoil 'Mercy Secondary School' ach níor chríochnaigh sí a meánoideachas.

Fostaíocht: Go dtí 1961, d'oibrigh Julia mar shearbhónta in áras Thuama á reáchtáil ag ord Bon Secours, ach d'oibrigh sí sa ghairdín den chuid is mó. Nuair a dúnadh an t-áras in 1961, d'oibrigh Julia mar shearbhónta ar feadh dhá bhliain ag teach altranaís príobháideach Bon Secours ar Shráid an Bhicáire, i dTuaim.

Muintir: Sa bhliain 1963, d'fhág Julia a post chun seanbhaintreach fir a phósadh, ab ainm dó, d'oibrigh sé don Chomhairle Contae, agus dhéanadh sé obair dheisiúcháin in áras Thuama. Bhí Julia ina cónaí ar Bhóthar Mhac Giolla Mhartain i dTuaim go dtí go bhfuair sí bás in 1985.

Spéiseanna: Bhí bá mhór ag Julia i gcónaí le garraíodóireacht agus le hainmhithe ar feadh a saoil ar fad. Bhí go leor cairde aici agus thug daoine eile a bhí in áras Thuama cuairt uirthi in amanna.

- Cén aois a bhí Julia nuair a:
 - tháinig sí chuig áras Thuama?
 - phós sí?
 - fuair sí bás?
- Cé mhéad bliain a d'oibrigh Julia in áras Thuama?
- An dtugann tú aon rud faoi deara faoi ról na n-ord creidimh (mná rialta) i saol Julia?
- An bhfuil aon cheist agat faoi shaol Julia in áras Thuama?

Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Smaoinígí siar ar ghníomhaíocht na hamlíne (Aonad 2, Gníomhaíocht 4). An raibh aon leid sna cártaí Amlíne faoin áit ar féidir linn fianaise a fháil faoi na dálaí maireachtála san áras i dTuaim?

[Freagraí féideartha: tuairiscí ó chigireachtaí sláinte, taifid an údaráis áitiúil, taifid Bon Secours, taifid Ardeaspag Thuama]

Tháinig Julia Carter go hÁras Máithreacha agus Naíonán Thuama agus í ina páiste, agus d'oibrigh sí ann ar feadh na mblianta fada mar shearbhónta/gharraíodóir. Ag deireadh na 1970idí agus ag tús na 1980idí, bhreac Julia

Cliceáil le próifíl ar shaol Julia Carter a thaispeáint.

Iarr ar scoláirí atá toilteanach próifíl Julia Carter a léamh amach.

Cliceáil le ceithre cheist atá bainteach le próifíl Julia Carter a thaispeáint.

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga.

Iarr ar scoláirí atá toilteanach na ceisteanna a léamh amach.

Oibrigh le do ghrúpa chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

- Cén aois a bhí ag Julia nuair a:
- tháinig sí chuig áras Thuama? [Freagra: Bhí Julia 7 mbliana d'aois nuair a tháinig sí chuig an Áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.]
- phós sí? [Freagra: Bhí Julia 47 bliain d'aois nuair a phós sí John Devaney.]
- fuair sí bás? [Freagra: Bhí Julia 69 bliain d'aois nuair a fuair sí bás.]
- Cé mhéad bliain a chaith Julia ag obair in áras Thuama? [Freagra: D'oibrigh Julia mar shearbhónta in áras Thuama ar feadh 38 bliain.]
- Cad a thugann sibh faoi deara faoi ról na n-ord rialta (mná rialta) i saol Julia? [Faigh aiseolas ó 2–3 ghrúpa.]
- Cad iad na ceisteanna a ritheann libh faoi shaol Julia in áras Thuama? [Faigh aiseolas ó 2–3 ghrúpa.]

Tasc féideartha don obair baile:

Ceapaigí amlíne de shaol Julia Carter. Bígí chomh cruthaitheach agus is féidir le leagan amach na hamlíne.

Foinsí

Julia Carter in Burke, D. 'A voice from the Tuam home: Part 1, 2 & 3', in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021:

[A Voice from the Tuam Home – part One | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part two | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part three | Tuam Herald](#)

Barry, D. 'The lost children of Tuam', in O'Donnell, K, O'Rourke, M. agus Smith, J. eagarthóirí 2022.

Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice. UCD Press: Baile Átha Cliath. Igh 29–46.

Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland.

Gníomhaíocht 2: Stair béil

Is ionann stair béil agus “an cleachtas chun stair fianaise agus béil a thaifeadh, a chartlannú, agus a anailísiú” nó “eolas faoin am a caitheadh a insítear trí scéal ó bhéal go béal ó ghlúin amháin go glúin eile.”

Stair béil:

- cuireann sí ar chumas daoine labhairt ar a son féin
- gabhann sé cuimhní, mothúcháin, dearchtaí agus eispéiris daoine ar imeachtaí stairiúla a raibh siad páirteach iontu agus cuidíonn sí linn tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag na himeachtaí stairiúla seo ar shaol na ndaoine céanna
- Is féidir léi eolas nua a chur ar fáil agus bearnaí a líonadh i stair agus ar an gcaoi seo, foghlaimimid scéalta na ndaoine nach mbeadh aon eolas orthu dá n-uireasa agus cuidíonn siad linn fiosrú a dhéanamh ar an am a caitheadh trí roinnt peirspictíochtaí
- d'fhéadfadh gurb é an t-aon bhealach amháin chun stair ar leith a ghabháil
- taispeánann sé oidhreacht an ama a caitheadh chun an lá atá ann anois a mhúnlú
- d'fhéadfadh sé seo a bheith ina hacmhainn fhiortuachmhar chun stair cheilte, shéanta nó mhúnlaithe daoine a chur chun cinn, daoine ar mhaith leo a leagan den scéal a insint agus an scéal a chur ina cheart
- is féidir leis beocht a chur i stair

“Foghlaimíodh sliocht ár sleachta faoi na heispéiris a bhí ag cónaitheoirí sna hÁrais Máithreacha agus Naíonán, go háirithe de bharr go n-inseofar dóibh fúthu trína bhfocail féin.”

Taoiseach Mícheál Martin, Ráiteas ar Thuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar na hÁrais Máithreacha agus Naíonán, ar an 13 Eanáir 2022

Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Sna haonaid seo, beidh sibh ag dul i ngleic leis an stair béil a d'fhág na marthanóirí agus daoine eile, ar nós Julia Carter, a rinne taifid ar a seal sna hÁrais Máithreacha agus Naíonán.

Tá an stair béil, nó an stairsheanchas, ina cuid de thraidisiún fada na hÉireann agus in áiteanna eile. Is iomaí duine a d'fhág an stair seo acu ó bhéal, i bhfoirm scéalta agus amhrán. An féidir libh smaoineamh ar shamplaí ó bhur saol féin nuair a labhair duine éigin, b'fhéidir duine muinteartha níos sine nó cara níos sine, faoinar tharla dóibh nó faoina gcumhní ar dhaoine, áiteanna agus imeachtaí?

Roinn an rang ina mbeirteanna.

Oibrígí le chéile chun 3 chúis nó níos mó a cheapadh ar cheart smaoineamh ar an stair béil mar fhoinsé luachmhar d'fhianaise stairiúil.

Cliceáil le liosta cúiseanna a bhfuil an stair béil ina foinse luachmhar fianaise a thaispeáint.

Iarr ar scoláirí atá toilteanach na pointí urchair ar an sleamhnán a léamh os ard.

Iarr ar scoláirí a gcuid cúiseanna a chur i gcomparáid leis na cinn ar an sleamhnán agus aon chúis bhreise ar mhaith leo a chur leis a fhógairt.

Cliceáil le sliocht a thaispeáint ó ráiteas le Taoiseach na linne, Mícheál Martin, maidir le foilsíú na Tuarascála de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán.

Cén fáth, dar libh, ar chuir an Taoiseach béim ar thábhacht fhocail na marthanóirí chun foghlaim faoi árais Máithreacha agus Naíonán?

Foinsí

Facing History and Ourselves. 2022. [Connecting the past to the present using Oral History: Teaching strategy](#)

Llewellyn, K.R., Freund, A. & Reilly, N. eagarthóirí. 2015. *The Canadian Oral History Reader*. Montreal-Kingston: McGill-Queen's University Press, Ich.3.

Oral History Australia. [What is oral history?](#)

Gníomhaíocht 3: Taithí oibre

Léigh cuimhní Julia faoina hóige agus faoina cuid oibre mar shearbhónta/mar gharraíodóir san áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

Catagóirigh (cuir in ord) cuimhní Julia faoi theidil éagsúla, mar shampla:

- Gnáthamh laethúil
- Bia
- Saothar
- Caitheamh aimsire
- Caidrimh le daoine eile laistigh agus lasmuigh den áras
- Tionchar fadtéarmach

Roghnaigh sliocht (gan dul thar thrí abairt) ó chuimhní Julia a cheapann tusa a insítear rud éigin tábhachtach faoina heispéireas le linn di a bheith ag obair in áras Thuama.

Roinn do shliocht agus an fáth/na fáthanna ar roghnaigh tú é leis an gcuid eile den rang.

Nótaí an Mhúinteora

Tabhair faoi deara: Beidh ‘Aonad 3 Gníomhaíocht 3 Taithí oibre.pdf’ ag teastáil ó na scoláirí don ghníomhaíocht seo.

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar.

Tabhair na ról seo a leanas do dhuine i ngach grúpa (nó iarr ar na scoláirí iad a roghnú):

- Léitheoir – chun cuimhní Julia a léamh don chuid eile den ghrúpa
- Cláraitheoir – chun nótaí a bhreacadh síos de na pointí is tábhachtaí a luaitear
- Tuairisceoir – chun achoimre a dhéanamh
- Cathaoirleach – chun an grúpa a choinneáil dírithe ar an tasc

Bíodh fáil ag gach grúpa ar ‘JC History Unit 3_Activity 3_Work experience.pdf’ (Cuimhní Julia ar a seal mar shearbhónta in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama).

Tabhair am do na scoláirí chun cuimhní cinn Julia a léamh, spreag ansin iad chun cabhair a iarraidh i dtaca le haon cheann de na focail nó nathanna nach dtuigeann siad.

Léigh an téacs ar an sleamhnán os ard, agus déan cinnte de go dtuigeann na scoláirí an méid is gá dóibh a dhéanamh. Iarr ar na scoláirí an chaoi a ndearna a ngrúpa catagóiriú ar chuimhní Julia a chomhroinnt.

Déan éascaíocht ar gach grúpa a sliocht, agus an fáth ar roghnaigh siad é, a chomhroinnt. Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, bunaithe ar na ceisteanna

- *Cad iad na himeachtaí stairiúla a chuaigh i bhfeidhm ar shaol Julia? Cén chaoi a ndeachaigh na himeachtaí sin i bhfeidhm ar a saol?*
- *Cad iad na roghanna a ndearna Julia cur síos ar a ndéanamh?*
- *Cad iad na difríochtaí idir an domhan ar chuir Julia síos air agus domhan ár linne? Cad iad na cosúlachtaí idir saol Julia agus saol ár linne?*

Foinsí

Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland.

Julia Carter in Burke, D. 'A voice from the Tuam home: Part 1, 2 & 3', in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021:

[A Voice from the Tuam Home – part One | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part two | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part three | Tuam Herald](#)

Gníomhaíocht 4: Lá do mháithreacha

6 r.n. Dúisíonn
sí

Léigh cuimhní Julia faoi na mná in áras Thuama.

Oibrígí le chéile chun iontráil dialainne a chruthú, ina léirítear amanna agus gnáthghníomhaíochtaí na máithreacha san áras.

Déan comparáid idir bhur n-iontráil dialainne féin le hiontráil dialainne grúpa eile.

Nótaí an Mhúinteora

Tabhair faoi deara: Beidh 'Aonad 3 Gníomhaíocht 3 Taithí oibre.pdf' ag teastáil ó na scoláirí don ghníomhaíocht

Glacadh 2,219 bean san iomlán isteach chuig an áras i dTuaim idir na blianta 1923 agus 1961; agus ba sna 1940idí a glacadh leis an líon ba mhó. 20–21 bliain meánaois na máithreacha in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama. Ba de bhunadh Chontae na Gaillimhe 60% acu, tháinig 28% díobh ó Chontae Mhaigh Eo. Ar ghlacadh dóibh, taifeadadh 41% de na mná sin mar chailíní aimsire. Bhí níos lú ná 10% acu torrach den dara nó den tríú huair. Tá fianaise ann go ndearna na húdaráis áitiúla iarracht roinnt máithreacha a bhí torrach den dara huair a sheoladh chuig na Neachtlanna Maigdiléana tar éis na breithe, agus iad ag bagairt, dá gcuirfidís ina aghaidh, nach gceadófaí dá bpáiste fanacht in áras Thuama.

Is fíorbheagán fianaise atá againn ó mháithreacha faoina seal agus a dtaithí in áras Thuama. An féidir libh smaoineamh ar aon chúis leis sin?

[Freagraí féideartha: b'eol do na máithreacha gur measadh go raibh sí náireach ag an am páiste a thabhairt ar an saol lasmuigh den phósadh, choinnigh roinnt mhaith acu a dtoircheas faoi rún óna muintir, agus ní labhróidís faoin tráth sin ina saol; tháinig roinnt mhaith de na máithreacha ó theaghlaigh bhochta den lucht oibre agus b'fhéidir nár dual dóibh a gcuimhní a scríobh ná a thaifeadadh de bharr an chaighdeáin oideachais a fuair siad; b'fhéidir gur cailleadh le himeacht aimsire a bhfianaise fiú dá mba rud é gur scríobh nó gur thaifead siad í; bhí roinnt mhaith de na mná sin tar éis bás a fháil faoin am ar thosaigh na meáin ag tuairisciú ar an méid a tharla i dTuaim agus in institiúidí eile].

Tá eolas i gcuimhní Julia Carter faoi thaithí na máithreacha in áras Thuama.

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga.

Bíodh fáil ag gach grúpa ar 'JC History Unit 3_Activity 4_A mothers' day.pdf' (cuimhní Julia ar na mná in áras Thuama).

Tabhair am do na scoláirí chun cuimhní cinn Julia a léamh, spreag ansin iad chun cabhair a iarraidh i dtaca le haon cheann de na focail nó nathanna nach dtuigeann siad.

Léigh an téacs ar an sleamhnán os ard, agus déan cinnte de go dtuigeann na scoláirí an méid is gá dóibh a dhéanamh. Iarr ar gach grúpa dul ag plé le grúpa eile chun comparáid a dhéanamh idir a n-iontrálacha dialainne.

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as na ceisteanna spreagtha seo a leanas:

Seachas na máithreacha iad féin, cé eile atá sa sliocht seo ó chuimhní cinn Julia Carter?

[Freagraí féideartha: dochtúirí, gardaí, daoine a sheachaid earraí chuig an áras, an Máthair-Uachtarán, an Chomhairle Contae, aithreacha na naíonán, muintir na máithreacha, daoine a bhí ag iarraidh cailíní aimsire a earcú]

Cad a insítear dúinn le cuimhní Julia faoi dhearcthaí na sochaí i leith mná ar saolaíodh naíonáin lasmuigh den phósadh dóibh san fhichiú haois in Éirinn? Roinnigí sliocht ó chuimhní cinn Julia mar fhianaise ar an bhfreagra.

Tá guth aithreacha na bpáistí a rugadh in árais Máithreacha agus Naíonán in easnamh, cé is moite de dhornán beag eisceachtaí, ón taifead stairiúil. Cén fáth sin, dar libh?

Tasc féideartha don obair baile

Scríobhaigí alt gearr ina ndéantar an méid a déarfadh athair le páiste a rugadh in áras Máithreacha agus Naíonán faoina dtaithí féin a thuar. Déanaigí comparáid idir an t-alt gearr sin agus fianaise athar ar rugadh páiste dó in Áras Máithreacha agus Naíonán Ard Mhuire, Dún Búinne, Co. na Mí, agus a uchtaíodh ina dhiaidh sin (tá an nasc thíos).

O'Rourke, M., McGettrick, C., Baker, R. and Hill, R. 2018. [Statement of Witness 14. Clann: Ireland's Unmarried Mothers and their Children: Gathering the Data](#)

Foinsí

Chapter 15: The Tuam children's home, [Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes](#). lch 15.

Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland.

Julia Carter in Burke, D. 'A voice from the Tuam home: Part 1, 2 & 3', in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021:

[A Voice from the Tuam Home – part One | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part two | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part three | Tuam Herald](#)

Enright, M. & O'Donoghue, A. eagarthóirí 2021. [Rights and the Mother and Baby Homes Report](#)

Gníomhaíocht 5: Dearcthaí na scoile



Julia Carter
Grianghraf le ceadinhead ó Catherine Corless



P.J. Haverty, Foilsitheoir "Ollscoil na Gaillimhe",
Aitheantas na sócmhainne: 13755, Aitheantas Taifeadta
Carlaine TOHIP, <https://digital.library.universityofgalway.ie/pms/asset/13755>



Catherine Corless
Grianghraf le ceadinhead ó Catherine Corless



Bunscoil Convent of Mercy

Alt 43: Déanfaidh an Stát [rialtas], áfach, mar chaomhnóir leasa choitinn, éileamh... go bhfaighidh na páistí íosleibhéal oideachais, oideachas a bhaineann le cúrsaí morálta, intleachta agus sóisialta.

Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Tabhair faoi deara: Beidh 'Aonad 3 Gníomhaíocht 5 Dearcthaí ar an scoil.pdf' ag teastáil ó na scoláirí don ghníomhaíocht seo.

Tá aithne anois againn ar an triúr atá sa phictiúr ar an sleamhnán seo.

Cad is cuimhní libh faoi Julia Carter (ainm pósta = Julia Devaney), P.J. Haverty agus Catherine Corless?

[Freagraí féideartha: Fágadh Julia faoi chúram na mban rialta Bon Secours, d'fhás sí aníos in Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama, agus chuaigh sí ag obair mar shearbhónta/gharraíodóir san áras; rugadh P.J. san áras tar éis don sagart áitiúil/a muintir a mháthair Eileen a chur ann; is staraí, údar agus gníomhaí sóisialta ó Thuaim í Catherine Corless a bhfuil taighde déanta aici agus ábhar scríofa aici faoin áras i dTuaim.]

Chuaigh an triúr acu chuig Clochar na Trócaire i dTuaim dá mbunscolaíocht nó roinnt di, cé gur fhreastail siad ar an scoil ag amanna difriúla.

Déan cuimhní Julia, P.J. nó Catherine ar an mbunscoil a leithdháileadh go randamach ar gach scoláire (féach 'JC History Unit 3_Activity 5_School perspectives.pdf').

Léig na cuimhní cinn a tugadh daoibh.

Tabhair am do na scoláirí na cuimhní cinn a léamh, ansin spreag iad chun cabhair a lorg maidir le focail nó nathanna nach dtuigeann siad.

Bunaígh grúpa ina bhfuil triúr a bhfuil cuimhní difriúla ag gach duine.

Déanadh gach duine achoimre ar a gcuimhní féin le haghaidh na ndaoine eile sa ghrúpa.

Pléigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na trí chuimhne.

Cliceáil le hAirteagal 43 ó Bhunreacht 1937 a thaispeáint.

Sa ghrúpa, déanaigh plé ar cé acu an ndéanann na cuimhní faoi thaithí scoile na bpáistí ón áras i dTuaim (a) tacaíocht a thabhairt nó (b) an mbaineann siad den argóint gur chomhlíon stát na hÉireann a ghealltanas in Airteagal 43 de Bhunreacht 1937.

Glac le haiseolas ó rogha grúpaí, agus iarr orthu tacú lena bhfreagraí le fianaise óna gcuid cuimhní.

Foinsí

Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland, caibidil 5.

Julia Carter in Burke, D. 'A voice from the Tuam home: Part 1, 2 & 3', in Tuam Herald, 12 Eanáir 2021:

[A Voice from the Tuam Home – part One | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part two | Tuam Herald](#)


[A Voice from the Tuam Home – part three | Tuam Herald](#)

(03/02/2021), [Transcript of interview with P.J. Haverty](#), Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas sócmhainne 13756, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP.

Buíochas

Ba é Dom Kerman, comharsa le Julia ó Bhóthar Gilmartin i dTuaim, a thug an grianghraf de Julia Carter do Catherine Corless. Dar le Catherine Corless, bhí 'meas mór ag Dom ar Julia, bhíodh sí ag léamh scéalta dó agus é ag dul a luí nuair a bhí sé ina pháiste'. Thug Dom cead do Catherine Corless an grianghraf a úsáid, agus cheadaigh sí go tuisceanach go n-atáirgfí grianghraf Julia, i dteannta a grianghraif féin, sna hábhair seo.

Ghníomhaíocht 6: ...cosúil le príosún



Léigh cuimhní Julia faoi na babaithe/páistí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama. Iarr cúnamh maidir le haon fhocal nó aon fhrása nach bhfuil eolas agat air.

Tarraing dhá chiorcal mhóra, ceann laistigh den cheann eile. Cuir an lipéad 'príosún' ar an gchiorcal ar an taobh istigh agus 'baile' ar an gceann ar an taobh amuigh.

Scríobh nó tarraing na gnéithe den saol do bhabaithe/pháistí in áras Thuama a bhfuil an chosúlacht orthu go raibh siad i:

- bpríosún nó i ngéibheann (chiorcal ar an taobh istigh)
- baile (ar an gchiorcal ar an taobh amuigh)

Meas tú céard a bhí i gceist ag Julia nuair a chuir sí na babaithe/páistí in áras Thuama i gcomparáid le 'cearc i gcúb'?

An aontaíonn tú le smaoineamh Julia, go bhfuil áras Thuama cosúil le bheith '...i bpríosún' nó le 'cearc i gcúb'? Mínigh do fhreagra.

An bhfuil sé ceart an t-ainm 'árais' a thabhairt ar áiteanna cosúil le Tuaim? Céard ba cheart dúinn a thabhairt ar na háiteanna seo ina áit sin?
...Máithreacha agus Naíonán?

Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Tabhair faoi deara: Beidh 'Aonad 3 Ghníomhaíocht 6 "...mar a bheadh príosún ann.pdf' ag teastáil ó na scoláirí don ghníomhaíocht seo.

Agus é ar oscailt, chónaigh 3,349 páiste ina n-iomláine san áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim; ba pháistí le máithreacha neamhphósta 2,694 acu; ba pháistí le tuismitheoirí pósta nó baintrí 655 acu.

Roinn an rang ina mbeirteanna.

Bíodh fáil ag gach beirt ar 'JC History Unit 3_Activity 6_like a jail.pdf' (Cuimhní Julia ar na páistí in áras Thuama).

Tacaigh leis na scoláirí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht de réir na gcéimeanna ar an sleamhnán.

Clliceáil le trí cheist a bheochan

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as na trí cheist ar an sleamhnán.

Foinsí

Corless, C. 2021. *Belonging*, Hatchette Ireland.

Julia Carter in Burke, D. 'A voice from the Tuam home: Part 1, 2 & 3', in *Tuam Herald*, 12 Eanáir 2021:

[A Voice from the Tuam Home – part One | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part two | Tuam Herald](#)

[A Voice from the Tuam Home – part three | Tuam Herald](#)

Gníomhaíocht 7: An fíorshaol



Peter Mulryan lena mháthair altrama, Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas na sócmhainne: 13656, Aitheantas Taifeadta Cartlainne TOHP, <https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13656>

Tháinig mé amach as áras St Mary i dTuaim nuair a bhí mé ceithre bliana go leith d'aois. Cuimhním go gléineach ar an lá sin, ach níl aon chuimhne agam roimhe sin, ar bheith [san áras]... An bhliain 1949 a bhí ann... mí Feabhra 1949 a chuaigh mé amach san fhíorshaol. Cuireadh ar lóistín mé [ar altramas] chuig teaghlach a bhí thart ar fhiche míle as Gaillimh. Cuireadh i gcúl... otharchair mé. Ní raibh mé in ann féachaint amach as na fuinneoga de bharr go raibh siad ró-ard. ... Bhí sé scanrúil. Ní raibh mé in ann labhairt le duine ar bith, ní raibh a fhios amach cá raibh mé ag dul. Stopamar ag an teach seo. Bhí sé brádánach agus sraimlí i mí na Feabhra – fliuch. Cuimhním nuair a bhí mé ag dul isteach ag cúl an tí, teach dhá stór a bhí ann, agus chonaic mé na crainn á séideadh. Bhí fátios orm roimhe sin de bharr nach bhfaca mé aon cheo mar sin riamh... ní fhaca mé crainn á séideadh ag an ngaoth ar an gcaoi sin. Chuaigh mé isteach sa teach ar aon chuma agus bhí tine mhór thíos. Bhí fear agus bean ann. Bhí an bhean sna seachtóidí agus bhí a mac ina teannta, agus é sna caogaidí. Sin iad na daoine a raibh mé i mo chónaí leo – pobal feirmeoireachta. ... Chonaic mé madra faoin mbord agus é ag croitheadh a eireabaill. Bhí mé thar a bheith scanraithe ansin; ní fhaca mé madra riamh. Ní dhearna sé aon tafann, bhí sé ag imeacht thart, bhí sé ciúin, ní fhaca mé ainmhi go dtí sin. Smaoinigh ar na páistí inniu agus iad ceithre bliana d'aois, ach bhí leath an méid sin ar eolas agamsa.

Sliocht as Mary Cunningham (2021), Agallamh Béil le Peter Mulryan, Foilsitheoir "Ollscoil na Gaillimhe", Aitheantas sócmhainne 13671, Aitheantas Taifid Cartlainne TOHP, <https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13671>



Nótaí an Mhúinteora (tá beochan sa sleamhnán – bí cinnte go bhfuil tú i modh an láithreora)

Smaoinígí ar an gcuimhne is luaithe a ritheann libh. An raibh tú i d'aonar nó i dteannta duine éigin eile? Cad a bhí ar siúl? Cén mothúchán, más ann do mhothúchán ar bith, a bhí le mothú ag an am? Sonas nó brón, fátios nó uaigneas? An bhfuil aon fhianaise

ar an gcuimhne sin nó ar an tráth sin i do shaol? An bhfuil ghrianghraf nó cáipéis ar fáil? Cén duine i do theaghlach nó i measc do chairde a chuimhneodh ar an tráth sin i do shaol?

Dá gcuirfí faoi agallamh thú faoin gcuimhne sin, agus dá dtras-scríobhfaí an t-agallamh (dá mbreacfaí síos é), an áireofaí sin mar fhianaise stairiúil ar an tráth sin i do shaol? Cén fáth? Cén fáth nach n-áireofaí é?

Iarr ar scoláirí atá toilteanach an sliocht (ar an sleamhnán) ó fhianaise Peter Mulryan a léamh, a rugadh san áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

Mínigh go dtugtaí 'St Mary's' ar an áras i dTuaim nuair a d'úsáidít ar dtús é.

Cén mothúchán a luann Peter roinnt uaireanta ina fhianaise féin?

Tógaigí nóiméad le machnamh a dhéanamh ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir na mothúcháin a bhaineann leis an gcuimhne is luaithe atá agaibhse agus an imní a bhaineann leis an gcuimhne is luaithe atá ag Peter.

Roinn an rang ina mbeirteanna.

In bhur mbeirteanna, déanaigí plé ar an méid is féidir linn a fháil amach ó fhianaise Peter ar a shaol in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.

Glac le haiseolas ó roinnt beirteanna.

Éistimis leis an taifeadadh ar an agallamh seo le Peter Mulryan.

Cliceáil chun an ghearrthóg fuaime a sheinm (2.56 nóiméad) ar dheis ar bhun an tsleamhnáin (in aice le lua an tsleachta).

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile, ag baint úsáid as na ceisteanna spreagtha seo a leanas:

- Cén chaoi a dtéann sé i bhfeidhm oraibh, má théann ar chor ar bith, chun éisteacht le Peter ag labhairt faoina chuid cuimhní?
- Cén cineál fianaise is éifeachtaí – an sliocht scríofa nó an sliocht taifeadta? Cén fáth?

B'iondúil go bhfanadh na buachaillí san áras i dTuaim go dtí aois 7 mbliana ar a mhéad, agus go bhfanadh na cailíní go dtí aois 9 mbliana (sna hártais eile Máithreacha agus Naíonán d'fhágaidís faoi aois 5 bliana (i gcás na mbuachaillí) agus 7 mbliana (i gcás na gcailíní) ar a dhéanaí). Is beag cuimhne atá ag roinnt mhaith de na páistí a rugadh in árais Máithreacha agus Naíonán ar a seal iontu. Cén fáth gurb amhlaidh sin, dar libh?

[Freagraí féideartha: mar bhí siad an-óg nuair a d'fhág siad, agus ní féidir le daoine cuimhneamh ar na blianta is luaithe dá n-óige; mar reáchtáiltí na hártais de réir gnásanna dochta agus níorbh fhéidir cuimhneamh rómhaith ar laethanta nach raibh mórán difríochta eatarthu ó lá go chéile.]

Dar le Julia Carter, nuair a bhí páistí ceaptha le himeacht ón áras, '[n]í dhearnadh aon iarracht [iad] a ullmhú don athrú ná níor insíodh dóibh an áit a raibh a dtíall. Ní bheadh a fhios ag na páistí cén chuma a bheadh ar theach, ar chiteal ná ar fhriochtán...'

Is rud coitianta do na páistí a tháinig slán ó na hártais Máithreacha agus Naíonán tagairt a dhéanamh dá gcuimhne is luaithe mar an lá a d'fhág siad an t-áras. Cén fáth gurb amhlaidh sin, dar libh?

[Freagraí féideartha: mar b'eachtra as an ngnách a bhí ann; mar chuaigh an lá sin go mór i bhfeidhm ar na mothúcháin, rud a d'fhág ina chuimhne bhuan é]

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat an fhaisnéis seo a leanas a roinnt maidir leis na bealaí difriúla a d'fhág páistí áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.

Tá faisnéis ar fáil maidir leis na 'conairí imeachta' ón áras i dTuaim le haghaidh 1,922 páiste (59.1% de bhreitheanna/páistí a glacadh isteach):

- cuireadh ar lóistín nó ar altramas iad (38.29%) – cuireadh na páistí sin ar altramas le daoine i gcontaetha na Gaillimhe nó Mhaigh Eo den chuid is mó
- d'fhág siad an t-áras lena máithreacha (36.99%)
- aistríodh iad chuig institiúidí eile (os cionn 20%)
- uchtaíodh go neamhfhoirmiúil/mídhleathach iad roimh 1953 (0.26%)
- uchtaíodh go dleathach iad tar éis 1953 (3.85%)

Foinsí

Chapter 11: Boarding out, agus Chapter 15: The Tuam Children's Home, [Final Report of the Commission of Investigation into Mother and Baby Homes](#)

Gníomhaíocht 8: Rogha eile

B'fhearr i bhfad go bhfanadh na páistí seo...san áit a bhfoghlaimeoidh siad ceird agus a bheith faoi smacht siúracha báúla ná iad a náiriú...san fhíorshaol géar taobh amuigh, áit a bhfoghlaimeoidís a mbunús sula mbeadh an deis acu éirí aníos dá uireasa agus a bpearsantachtaí a chruthú...

...beidh ar na garlaigh bheaga seo...an saol a thosú agus iad faoi mhíbhuntáiste mór. Ba cheart go laghdófaí an míbhuntáiste céanna a oiread agus is féidir. Tá freagracht mhór ag baint lena gcúram, agus ní mór do dhuine meas a bheith aige ar na mná rialta máithriúla iontacha, a raibh ainm gach páiste ar eolas acu...

Connacht Tribune, an 28 Meitheamh 1924

Tuarascáil de chuid an Connacht Tribune in 1924 dar teideal "Children of Misfortune: How they are dealt with in Co. Galway", "Ollscoil na Gaillimhe", Aitheantas na sócmhainne: 13866, Aitheantas Taifeadta Cartlainne TOHP, <https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/asset/13866>

Nótaí an Mhúinteora

In 1924, d'fhoilsigh An Curadh Connachtach (an nuachtán The Connacht Tribune) cuntas ar obair na mban rialta in Áras Páistí an Bon Secours i nGleann na Madadh, a bhí ann sular bunaíodh an t áras i dTuaim. Léiríodh san alt sin dearchtaí a bhí coitianta sa tsochaí i leith páistí nach raibh a máithreacha pósta, agus creideadh gurbh iad na mná rialta ab fhearr a thuig cúrsaí.

Iarr ar scoláire/scoláirí atá toilteanach an sliocht a léamh ón alt ar An Curadh Connachtach in 1924 atá le fáil ar an sleamhnán. Roinn an rang ina mbeirteanna.

Ina bhur mbeirteanna, roghnaí gí ceann amháin de na tascanna seo a leanas lena chomhlíonadh:

- Ceapaigí trí cheannlíne dhifriúla fhéideartha le haghaidh an ailt ar An Curadh Connachtach.
- Aimsígí fianaise i gcuimhní Julia Carter faoi thaithí páistí in áras Thuama chun: (1) tacaíocht a thabhairt don tuairim san alt seo, nó (2) an tuairim san alt seo a bhréagnú.

Féach 'JC History Unit 3_Activity 6_like a jail.pdf'.

- Scríobh alt malartach (2 mhír ar a mhéad) ó pheirspictíocht na bpáistí a bhí in áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.

Iarr ar aiseolas ó rogha beirteanna agus iarr ceisteanna agus freagraí ón gcuid eile den rang. Déan éascaíocht ar phlé don rang uile, ag baint úsáid as an ráiteas spreagtha seo a leanas:

I bhfianaise an dearcadh i leith páistí a rugadh lasmuigh den phósadh ag an am, b'fhearrde na páistí san áras i dTuaim a bheith faoi chúram na mban rialta.

Ag brath ar do scoláirí, b'fhéidir gur mhaith leat dearchtaí na scoláirí a chur san áireamh mar gheall ar an ráiteas sin agus breathnú orthu seo an athuair in Aonad 4.

Foinsí

Tuairisc ar An Curadh Connachtach in 1924 [Children of Misfortune: How they are dealt with in Co. Galway](#). Ollscoil na Gaillimhe, Aitheantas sócmhainne 13866, Aitheantas na dTaifead Cartlainne TOHP.

Gníomhaíocht 9: Athchuart a thabhairt ar ár Spás Cróga

Léigh ár gComhaontú Spáis Chróga

- Cé chomh maith is atá gach ceann de na rudaí seo ag oibriú inár gComhaontú?
- An gcaithfidimid aon rud a scriosadh, a athrú nó an gcaithfidimid aon rud a chur leis? Cén fáth?

Nótaí an Mhúinteora

Tabhair faoi deara: Ba cheart go mbeadh an Comhaontú Spáis Chróga (Aonad 1, Gníomhaíocht 2) ar taispeáint in áit fheiceálach sa rang.

Déan éascaíocht ar phlé ranga uile ar oibriú an Chomhaontaithe Spáis Chróga, trí úsáid a bhaint as na ceisteanna spreagtha ar an sleamhnán.



Má chuireann aon cheann de na saincheisteanna seo san aonad seo isteach ort, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar anuas orm tar éis an ranga, labhair le cara, duine fásta agus/nó teagmhálaí a bhfuil muinín agat as:

Adoption Rights Alliance: www.facebook.com/AdoptionRightsAllianceIreland/

Barnardos Origins, Post Adoption and Bereavement Services: www.barnardos.ie

Na Samáraigh: www.samaritans.org

Guthán: 116123

Childline: www.childline.ie

Guthán: 1800 66 66 66

Jigsaw: www.jigsaw.ie

Nótaí an Mhúinteora

Seans go gcuirfidh an t-ábhar a bheidh á chlúdach againn sna haonaid seo isteach ar roinnt agaibh. Is freagairt nádúrtha, shothuigthe é sin ar an méid a dtugann marthanóirí 'ré dhorcha' inár stair náisiúnta air.

Má chuireann aon rud a thagann chun cinn sna haonaid seo isteach ort go pearsanta, agus má theastaíonn tacaíocht uait, tar chugam tar éis an ranga, labhair le cara nó duine fásta a bhfuil muinín agat astu, agus/nó téigh i dteagmháil le ceann de na seirbhísí tacaíochta seachtracha atá ar an liosta ar an sleamhnán.



Gníomhaíocht 10: Céard? Cén fáth? Céard a tharlóidh anois?

CÉARD? Céard a d'fhoghlaim mé (faoi, le smaoineamh, le déanamh)?

CÉN FÁTH? Cén fáth a bhfuil foghlaim tábhachtach?

CÉARD A THARLÓIDH ANOIS? Cén chaoi a n-úsáidfínn nó cén chaoi a gcuirfínn an méid atá foghlamtha agam i bhfeidhm ar mo shaol féin?

Nótaí an Mhúinteora

Scríobhaigí na 3 cheist ar an gclár sa chóipleabhar/dialann.

Glacaigí cúpla nóiméad chun na ceisteanna a fhreagairt.

Más mian libh, is féidir libh bhur bhfreagraí ar Cad? Nach cuma? Cad a dhéanfaimid anois? a phlé le cara.

Sa chéad aonad eile díreimid ar shaothar an staraí Catherine Corless, agus breathnóimid ar chinntí a bhaineann leis na páistí atá ar iarraidh/adhlactha i láthair ag iarláithreán an árais Máithreacha agus Naíonán i dTuaim.

Tabhair faoi deara: Tá ábhar in Aonad 4 a bhaineann le básanna naíonán/páistí agus d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm go pearsanta ar roinnt scoláirí agus a bheith dúshlánach do mhothúcháin roinnt eile acu. Téigh tríd an ábhar roimh ré, le do thoil, agus bain leas as do bhreithiúnas proifisiúnta chun a shocrú cé na gníomhaíochtaí atá oiriúnach, ag cur riachtanais na scoláirí, an scoil, agus an comhthéacs áitiúil san áireamh.